Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

# DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN

## RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

**CLÁR**


| | LCH. |
|---|---|
| AN tÚDARÁS FÉIN | 3 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 4-5 |
| RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD | 6-12 |
| RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH | 13-16 |
| RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COIMEÁDTA | 17 |
| RÁITEAS AR AN IONCAM CUIMSITHEACH | 18 |
| RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS | 19 |
| RÁITEAS AR NA SREAFAÍ AIRGID | 20 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 21 - 38 |

**DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN**

**AN tÚDARÁS FÉIN**

---

| | | |
|---|---|---|
| **Seoladh an Údaráis:** | 26/27 Lána Denzille,<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 P266 | |
| **An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin:** | | |
| | An Dr Padraig Walsh - | - Príomhfheidhmeannach |
| | An Dr. Anna Murphy | - Comhairleoir Sinsearach Straitéise |
| | Dr. Bryan Maguire | - Stiúrthóir um Dhearbhú Cáilíochta |
| | Ms. Barbara Kelly | - Stiúrthóir Cáilíochtaí |
| | Ms. Karena Maguire | - Ceannasaí Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí |
| | Ms. Clíona Curley | - Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha |
| | Mr. Eamonn Collins | - Bainisteoir Acmhainní Daonna agus Fisiciúla |
| | Mr. Liam Butler | - Bainisteoir Airgeadais & Soláthair |
| **Comhaltaí an Údaráis:** | Ms. Joanne Harmon | (Cathaoirleach) |
| | An Dr. Barbara Brittingham | |
| | Ms. Clíona Curley | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramach (1 D.F. 20-11 Ean 21) |
| | Ms Mary Danagher | |
| | Mr Blake Hodkinson | |
| | Mr Kevin McStravock | Ainmniúchán USI |
| | Mr Thomas McDermott | |
| | Ms Niamh O'Reilly | |
| | An Ollamh Irene Sheridan | |
| | An Dr Anne Walsh | |
| | An Dr Padraig Walsh | Príomhfheidhmeannach (go 30 M.Fómhair 20) |
| **Banc:** | Banc-Aontas Éireann<br>1 Sráid Bhagóid Íocht.<br>Baile Átha Cliath 2.<br>D02 X342 | |
| **Dlíodóirí:** | Brian Whitaker & Co Solicitors<br>4 Plás Dartmouth<br>Baile Átha Cliath 6.<br>D06 XK75 | |
| **Iniúchóirí:** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3a Sráid an Mhéara Uacht.<br>Baile Átha Cliath 1.<br>D01 PF72 | |
| **Suíomh gréasáin:** | www.qqi.ie | |

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Qualifications and Quality Assurance Authority of Ireland

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Qualifications and Quality Assurance Authority of Ireland for the year ended 31 December 2020 as required under the provisions of section 23 of the Qualifications and Quality Assurance (Education and Training) Act 2012. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Qualifications and Quality Assurance Authority of Ireland at 31 December 2020 and of its income and expenditure for 2020 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland.*

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Qualifications and Quality Assurance Authority of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Qualifications and Quality Assurance Authority of Ireland has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the governance statement and Authority members' report and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Mary Henry**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**
**30 September 2021**

(

## Appendix to the report

### Responsibilities of Board members

As detailed in the governance statement and Authority members' report, the Authority members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 23 of the Qualifications and Quality Assurance (Education and Training) Act 2012
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 23 of the Qualifications and Quality Assurance (Education and Training) Act 2012 to audit the financial statements of the Qualifications and Quality Assurance Authority of Ireland and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Qualifications and Quality Assurance Authority of Ireland's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Qualifications and Quality Assurance Authority of Ireland to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

#### *Information other than the financial statements*

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

#### *Reporting on other matters*

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

## RIALACHAS

Búnaíodh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012.

Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 9 den Acht seo. Tá an Bord cuntasach don Aire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus tá cúram air as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíontar an fheidhm seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha gnó a dhéanamh ar gach phríomh-shaincheist ghnó. Is é an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Feidhmeach Bainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus treorú Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ó lá go lá. Ní mór don Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Fheidhmeach Bainistíochta cloí leis an treo ginearálta straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord, agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eagraíocht, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fheádfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar theagmhálaí díreach idir an Bhord agus lucht bainistíochta Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.

## FREAGRACHT AN ÚDARÁIS

Tá obair agus cúraimí an Údaráis leagtha amach i Sceideal na bhFeidhmeanna Forchoimeádta, ina bhfuil nithe a fhorchoimeádtar go sonrach do chinneadh an Údaráis. Ar na buan-nithe a bhreithníonn an tÚdarás tá:

- dearbhú leasanna,
- tuairiscí ó choistí,
- tuairiscí airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeádta.

Ceanglaíonn Alt 23 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 ar chomhaltaí Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann gach gnáthchuntas agus cuntas ceart a choimeád ar airgead a fhaigheann agus a chaitheann sé agus iad a ullmhú i bhfoirm a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bonn gnóthais leantaigh, ach amháin más neamhchuí a cheapadh go leanfaidh sé dá ghnó,
- a rá cibé ar cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a insíonn tráth ar bith  a stádas airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 23 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012. Tá an  tÚdarás freagrach, leis, as cothabháil agus isláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin Bhord Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.

Tá baill an Údarás freagrach as an plean agus an buiséad bliantúil a cheadú. Déanann an Bord measúnú ar fheidhmíocht Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann trí thagairt a dhéanamh don phlean agus don bhuiséad bliantúil ag gach cruinniú den Údarás.

Tá an  Údaráis freagrach, leis, as a shócmhainní a chosaint agus as sin bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is é tuairim an Bhoird gur léiriú fíor cothrom ar fheidhmiú airgeadais agus ar staid airgeadais Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ag Déardaoin 31 Nollaig 2020 atá i ráitis airgeadais Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.

Is iad comhaltaí an Údaráis cathaoirleach, an príomhfheidhmeannach (comhalta *ex officio)* agus ochtar gnáthchomhalta, arna gceapadh ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta. Ceaptar comhaltaí an Bhoird go ceann tréimhse cúig bliana agus bíonn ceithre chruinniú ar a laghad sa bhliain acu. Mionsonraítear sa tábla thíos tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí a thug seirbhís i gcaitheamh na bliana:

| **Ball den Údarás** | **Ról** | **Dáta an Cheapacháin** |
|---|---|---|
| Ms Joanne Harmon | Cathaoirleach: | 13 Márta 2018 |
| An Dr. Barbara Brittingham | Gnáthchomhalta | 6 Samhain 2017 |
| Ms Mary Danagher | Gnáthchomhalta | 6 Samhain 2017 |
| Mr Blake Hodkinson | Gnáthchomhalta | 13 Márta 2018 |
| Mr Thomas McDermott | Gnáthchomhalta | 6 Samhain 2017 |
| Mr. Kevin McStravock | Gnáthchomhalta | 2 Iúil 2019 |
| Ms Niamh O’Reilly | Gnáthchomhalta | 13 Márta 2018 |
| An Ollamh Irene Sheridan | Gnáthchomhalta | 13 Márta 2018 |
| An Dr Anne Walsh | Gnáthchomhalta | 13 Márta 2018 |
| An Dr Padraig Walsh | Príomhfheidhmeannach | 6 Samhain 2012 (go 30 Meán Fómhair 2020) |
| Ms. Clíona Curley | Príomhfheidhmeannach Eatramhach | 1 Deireadh Fómhair 2020 |

Rinne an Bord measúnú inmheánach ar a éifeachtaí a bhí an Bord in 2020 i Ráithe 1, 2021. Rinneadh Athbhreithniú Seachtrach ar éifeachtúlacht an Bhoird agus an Choiste i Ráithe 4, 2020, agus fuarthas an tuarascáil mar thoradh air sin i Ráithe 1, 2021.

Tá sé choiste bunaithe ag an Údarás, mar seo a leanas:

1. **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC)** Beirt chomhalta den Bhord agus comhalta neamhspleách amháin atá ar an gcoiste seo, i gcomhréir le líon comhaltaí an Údaráis. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí as ceisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, cinntíonn an Coiste go bhfuil na córais inmheánacha rialaithe, gníomhaíochtaí iniúchta ina measc, faoi mhonatóireacht atá gníomhach agus neamhspleách. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain.

   Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosa Thomas McDermott (iar-Chathaoirleach, go dtí 13 Samhain 2020), Blake Hodkinson (ceaptha ina Chathaoirlreach le héifeacht ón 4 Nollaig 2020) agus Tony Mealy (comhalta seachtreach neamh-Údaráis). Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste in 2020.

2. **An Coiste um Beartais agus Caighdeáin (PSC)** comhdhéanta de bheirt chomhalta den Údarás agus seachtar comhaltaí eile. Is é gnó an Choiste um Beartais agus Caighdeáin a shaineolas a úsáid chun dréachtbheartas an QQI a bhreithniú agus moltaí a dhéanamh don Údarás maidir le ceadú na mbeartas seo ar aon dul le straitéis na heagraíochta; féadfaidh sé mionathruithe ar bheartais a aontú, nó a tharchur chuig an Údarás. Lena chois sin, breithníonn sé moltaí ón bhfeidhmeannacht chun caighdeáin eolais, scile agus inniúlachta a chinneadh le haghaidh dámhachtainí oideachais agus oiliúna nó chun treoirlínte ábhar maidir leis na leibhéil eolais, scile agus inniúlachta a mbeidh súil leo do dhámhachtainí ardoideachais, a fhormhuiniú.

   Is iad comhaltaí an choiste seo: Anne Walsh (Cathaoirleach), Niamh O’Reilly, Lucien Bollaert (go dtí 28 Feabhra 2020), Bryan Fields, Achim Hopbach (thosaigh 29 M. Fómhair 2020) Barbara Kelly, Daire Keogh (go dtí 4 Meitheamh 2020), Bryan Maguire, Hannah McGee (thosaigh 4 Meitheamh 2020), Aileen Ponton, Alan Power (thosaigh 4 Meitheamh 2020) agus Aoife Sweeney. Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste in 2020.

3. **An Coiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí (PAEC):** comhdhéanta de chomhalta amháin den Údarás agus seisear comhaltaí feidhmiúcháin. Is é príomhchuspóir an Choiste Feidhmiúcháin Clár agus Dámhachtainí feidhmeanna an Bhoird a chomhlíonadh a mhéad is gá chun a chinntiú go n-aithnítear ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí na cláir agus na dámhachtainí a leanann astú agus go bhfuil siad cuí agus comhsheasmhach. Is é a bhuntacaíonn le cinntí agus moltaí an Choiste saineolas agus moltaí seachtracha, a chuirtear ar fáil de ghnáth i bhfoirm thuarascálacha ó phainéil saineolaithe agus torthaí ar ghníomhaíochtaí monatóireachta agus athbhreithnithe a dhéanann an QQI.

   Is iad comhaltaí an choiste seo: Padraig Walsh (Cathaoirleach, go dtí 30 Meán Fómhair 2020), Cliona Curley (Cathaoirleach eatramhach, ón 1 D. Fómhair 2020), Marie Gould, Barbara Kelly, Angela Lambkin, Bryan Maguire, John O'Connor, Róisín Sweeney (go dtí 3 Iúil 2020) agus Andrina Wafer. Bhí seacht gcruinniú ag an gcoiste in 2020.

4. **An Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (PAOC)**: comhdhéanta de bheirt chomhalta den Bhord agus seachtar comhaltaí eile. Is é cuspóir an Choiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (CMCD) athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Choiste Feidhmiúcháin Clár agus Dámhachtainí, agus comhairle agus moltaí a chur ar fáil dá réir don Choiste Feidhmiúcháin Clár agus Dámhachtainí maidir le comhlíonadh a chuspóra. Deimhníonn sé cinntí a tharchuireann an Coiste Feidhmiúcháin Clár agus Dámhachtainí chuige, nó tarchuirtear siar iad, de réir mar is cuí.

   Is iad comhaltaí an choiste seo: Barbara Brittingham (Cathaoirleach), Mary Danagher, Ken Carroll, Peter Cullen (go dtí 31 Eanáir 2019), Paul Lyons, Gerard Morgan, agus Gina Quin. Bhí dhá chruinniú ag an gcoiste in 2020.

5. **An Coiste um Cheaduithe agus Athbhreithnithe** (**A&RC)** atá comhdhéanta de bheirt chomhalta den Údarás agus ochtar ball eile. Is é cuspóir an Choiste um Cheaduithe agus Athbhreithnithe feidhmeanna an Bhoird a chomhlíonadh a mhéad is gá le cinntiú go gcomhlíonann soláthraithe, dá dtugtar fáil ar dhearbhú seachtrach cáilíochta, an Marc Idirnáisiúnta Oideachais agus údarás tarmligthe, agus go gcomhlíonann siad i gcónaí, na critéir ghaolmhara.

   Is iad comhaltaí an choiste seo: Irene Sheridan (Cathaoirleach, le héifeacht ón 1 Eanáir 2020), Kevin McStravock, Ailsa Crum, Colette Harrison, Marie Kehoe-O'Sullivan (go dtí 2 Samhain 2020), William Kelly (thosaigh 27 Lúnasa 2020), Siobhan Kinsella (thosaigh 27 Lúnasa 2020), Geraldine Larkin, agus Mary Sheridan. Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste in 2020.

6. **An Coiste Acmhainní Daonna agus Eagraíochta** (**HR&OC)** comhdhéanta de thriúr comhaltaí den Bhord. Is é cuspóir an Choiste Acmhainní Daonna agus Eagraíochta athneartú a dhéanamh ar rialachas agus maoirseacht na heagraíochta sna réimsí seo.

   Is iad comhaltaí an choiste seo: Joanne Harmon, Mary Danagher agus Blake Hodkinson. Bhí trí chruinniú ag an gcoiste in 2020.

**SCEIDEAL TINRIMH, TÁILLÍ AGUS COSTAS**
Gheofar thíos sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus ag cruinnithe coiste in 2020, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta: Áirítear ar na méideanna ráite taisteal agus cothabháil i bhfeidhmiú a ról mar chomhaltaí d'údarás an QQI agus dualgais eile QQI.

| *** | Údarás ** | ARC * | PSC* | PAEC * | PAOC* | A&RC* | HR&OC* | Táillí 2020 | Costais 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN | 8 | 4 | 4 | 7 | 2 | 4 | 3 | | |
| Ms Joanne Harmon | 8(8) | | | | | | 3(3) | N/bh | - |
| An Dr. Barbara Brittingham | 8(8) | | | | 2(2) | | | N/bh | 652 |
| Ms Mary Danagher | 7(8) | | | | 0(2) | | 3(3) | N/bh | - |
| Mr Blake Hodkinson | 8(8) | 4(4) | | | | | 3(3) | N/bh | - |
| Mr Thomas McDermott | 8(8) | 4(4) | | | | | | N/bh | 733 |
| Mr. Kevin McStravock | 8(8) | | | | | 4(4) | | N/bh | - |
| Ms Niamh O'Reilly | 8(8) | | 4(4) | | | | | N/bh | - |
| Ms. Irene Sheridan | 8(8) | | | | | 4(4) | | N/bh | 125 |
| An Dr Anne Walsh | 8(8) | | 4(4) | | | | | N/bh | - |
| An Dr Padraig Walsh+ | 4(4) | | | 5(5) | | | | N/bh | 77 |
| Ms. Cliona Curley | 1(1) | | | 2(2) | | | | N/bh | - |
| IOMLÁN | | | | | | | | **NIALAS** | **1,587** |

Tá freastal ar chruinnithe thuas liostaithe i bhfoirm líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu (líon na gcruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu).

Ní íoctar táillí le Comhaltaí Údarás an QQI.

ARC: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
PSC: An Coiste um Beartais agus Caighdeáin
PAEC: Coiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí
PAOC: An Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí
A&RC: An Coiste um Ceaduithe agus Athbhreithnithe
HR&OC: An Coiste Acmhainní Daonna agus Eagraíochta

+ Áirítear air taisteal agus cothabháil ina ról mar phríomhfheidhmeannach
** In 2020, tionóladh trí chruinniú neamhchorpartha den Bhord.
*** Tionóladh cruinnithe den QQI (Údarás agus Coistí) go fíorúil / trí fhíschomhdháil ag tosú ar an 15 Márta 2020 de bharr srianta sláinte poiblí Covid-19 a bhí i bhfeidhm ó cheann ceann na bliana.

**Cothromaíocht Inscne i gcomhaltacht an Údaráis**
Amhail an 31 Nollaig, bhí seisear (66%) ball baineann agus ceathrar ball fireann (33%) ag an Údarás, agus ní raibh aon phoist folamh. Mar sin comhlíonann an tÚdarás sprioc an Rialtais ionadaíocht ar a laghad 40% de gach inscne a bheith i mballraíocht na mBord Stáit.

**Ráiteas comhairleach d'aighneachtaí chuig Airí maidir le ceapacháin / athcheapacháin chuig Boird**
Tarraingítear aird an Aire ar sprioc an Rialtais ionadaíocht 40% de gach inscne a bhaint amach i mballraíocht gach Údaráis Stáit. Faoi láthair tá seisear ball den Bhord (66%) baineann agus tá ceathrar ball fireann ar an mBord (33%) agus gan aon fholúntas ann. Chun an sprioc maidir le cothromaíocht inscne a bhaint amach, chaithfeadh go mbeadh ar a laghad ceathrar fear agus ceathrar ban ag an Údarás QQI i measc deichniúr comhalta an Údaráis.

**PRÍOMHATHRUITHE AR AN BPEARSANRA**
D'éag conradh an Phríomhfheidhmeannaigh, an Dr. Padraig Walsh, ar 30 M. Fómhair 2020. Ceapadh Ms. Cliona

Curley, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, ina Príomhfheidhmeannach Eatramach ón 1 D. Fómhair 2020.



## NOCHTUITHE IS GÁ FAOIN GCÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ (2016)

Tá an Bord freagrach as cinntiú gur chomhlíon Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i Lúnasa 2016. Is gá na nithe seo a leanas a nochtadh, de réir an Chóid:

## MIONDEALÚ AR SHOCHAIR GHEARRTHÉARMACHA FOSTAITHE

Tá breis is €60,000 de shochair ghearrthéarmacha fostaithe leagtha amach i nóta 6 de na ráitis bhliantúla airgeadais.

## COSTAIS SAINCHOMHAIRLEOIREACHTA

Áirítear ar chostais sainchomhairleoireachta costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht agus ní áirítear air feidhmeanna asfhoinsithe'gnó mar is gnách'. Gearrtar costais chomhairliúcháin faoi 'Táillí gairmiúla', 'Cuntasaíocht agus Tacaíocht Párolla', agus 'Táillí Dlíthiúla', a léiríonn cineál agus scóip na seirbhíse comhairleachta a chuirtear ar fáil.

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Comhairle ghinearálta dlí | 20,784 | 11,279 |
| Athbhreithniú ENQA | - | 34,259 |
| Comhairle achtúireach | 2,723 | 2,460 |
| Athbhreithniú ar an tsamhail chistithe | 9,840 | 19,680 |
| Athbhreithniú ar Leibhéil 1-4 An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí | 62,878 | - |
| Athbhreithniú ar Leibhéil 6 An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí | 25,925 | - |
| COVID 19 – Mionathruithe ar TLA i mBreisoideachas agus Oiliúint agus in Ardoideachas na hÉireann | 26,625 | |
| Comhairle acmhainní daonne (lena n-áirítear Plean Lucht Saothair) | - | 42,498 |
| Plean teicneolaíochta faisnéise | - | 59,462 |
| Athbhreithniú ar éifeachtúlacht an Bhoird | 2,595 | |
| An Clár Náisiúnta Teagmhála le Mic Léinn | 60,000 | 54,536 |
| Costais chomhairleachta a gearradh ar an gCoiste Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncam Forchoimeádta | **211,370** | **224,174** |

## COSTAIS DLÍ AGUS RÉITIGH

Tugtar sa tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, réitigh agus imeachtaí réitigh agus eadrána maidir le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear air caiteachas a tabhaíodh maidir le gnáthchomhairle dlí a fuair Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, a nochtar i gcostais sainchomhairleoireachta thuas.

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Réitigh | - | 4,000 |
| Iomlán | **-** | **4,000** |

## COSTAIS TAISIL AGUS COTHABHÁLA

Déantar caiteachas ar thaisteal agus ar chothabháil a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Intíre | | |
| - Údarás* | 855 | 18,961 |
| - Fostaithe | 8,846 | 35,511 |
| Idirnáisiúnta | | |
| - Údarás * | 732 | 7,794 |
| - Fostaithe | 1,039 | 44,405 |
| Iomlán | **11,472** | **106,671** |

* áirítear air costais taistil agus cothabhála a íocadh de €936 a íocadh go díreach le comhaltaí den Bhord in 2020 (2019: €11,220). Is ionann an t-iarmhéid de €651 (2019: €15,535) le caiteachas a d’íoc an QQI thar ceann chomhaltaí an Údaráis.

## CAITEACHAS AR FHÁILTEACHTAS

Áirítear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas:

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Leas agus fáilteachas foirne | 12,116 | 7,762 |
| Fáilteachas an Údaráis | - | 3,114 |
| Iomlán | **12,116** | **10,876** |

## RÁITEAS AR CHOMHLÍONADH

Tá an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú glactha ag an Údarás (2016).

Chomhlíon Dearbhú Cáilíochta agus Cáílíochtaí Éireann, a bheag nó a mhór, an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2020.

| | |
|---|---|
| **Ms. Joanne Harmon** | **An Dr. Padraig Walsh** |
| Cathaoirleach | Príomhfheidhmeannach |
| Dáta 27 Mean Fómhair 2021 | Dáta 27 Mean Fómhair 2021 |

**DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN**

**RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH**

---

## RAON NA FREAGRACHTA

Tharr ceann chomhaltaí Bhord Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann admhaím an fhreagracht atá orainn as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú amach is amach, a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, bearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus earráidí ábhartha agus mírialtachtaí eile a chosc nó go bhféadfaí iad a bhrath go tráthúil.

## CUSPÓIR AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Tá bearta déanta ag an mBord d'fhonn timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú trí:

- Cruinnithe rialta a sceidealú ag ar cuireadh tuairiscí rialta nuashonruithe ar chaiteachas ar fáil don Údarás;
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú. Áirítear ar a théarmaí tagartha córais a chinntiú trína ndéanfar rialú inmheánach airgeadais a oibriú agus fheabhsú go leanúnach;
- Freagrachtaí bainisteoirí a shainiú go soiléir, mar aon leis an gcuntasacht a ghabhann leis sin;
- Monatóireacht agus tuairisciú ar an bpróiseas;
- Prionsabail an rialachais chorparáidigh, atá sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú,

  ghlacadh, lena n-áirítear

  - Comhlíonadh na dtreoirlínte soláthair mar atá leagtha amach sa Chód a dhearbhú.
  - Comhlíonadh dhiúscairt sócmhainní agus rochtain tríú páirtithe ar shócmhainní, mar atá leagtha amach sa Chód, a dhearbhú.
  - Athbhreithniú agus críochnú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta trína gcinntítear go bhfuil éifeacht leis na córais um rialú inmheánach airgeadais a chinntiú.
  - Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint.

## AN CUMAS CHUN RIOSCA A BHAINISTIÚ

Tá próisis bunaithe ag an QQI chun rioscaí airgeadais agus rioscaí gnó a shainaithint agus a mheas, trí:

- Nádúr agus méid na rioscaí airgeadais atá os comhair an Údaráis a shainaithint.
- A dhóchúla atá sé go bhfíorófaí rioscaí sainaitheanta a mheasúnú.
- Measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar chumas inmheánach an Bhoird chun an riosca a bhainistiú.

## CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Bunaítear córas na rialuithe inmheánacha airgeadais ar chreat d'fhaisnéis rialta bainistíochta, córas tarmligthe agus cuntasachta, sraith nósanna imeachta airgeadais, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus seiceálacha leanúnach diana a dhéanann an fheidhm airgeadais. Áirítear air go sonrach:

- Córas cuimsitheach buiséid agus buiséad bliantúil a dhéanann an comhaltaí an Údaráis a athbhreithniú agus a cheadú.
- Teorainneacha údaraithe a shocrú d'íocaíochtaí amach chistí an Údaráis.
- Athbhreithniú rialta a dhéanann comhaltaí an Bhoird ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais thréimhsiúil agus bhliantúil (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta), a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcomparáid le buiséid.

Bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i 2013. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i 2020.

Ba é an bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar a éifeachtaí atá an córais rialaithe inmheánaigh airgeadais an tIniúchóir Inmheánach, an Coiste Iniúchóireachta a mhaoirsíonn obair an Iniúchóra Inmheánaigh, agus na bainisteoirí feidhmiúcháin san eagraíocht a raibh freagracht orthu as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais.

Bhí meicníochtaí bunaithe chun leordhóthanacht shlándail na gcóras Theicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú, meicníochtaí lenar áiríodh beartais agus nósanna imeachta cuí rialaithe a bhunú.

## TIONCHAR PHAINDÉIM COVID-19 AR AN TIMPEALLACHT RIALÁLA

Le teacht na paindéime COVID-19 go luath in 2020, agus leis an gcomhairle sláinte poiblí agus na bearta sábháilteachta a tháinig as, d'athraigh cleachtais oibre QQI go mear. Rinne QQI monatóireacht ghéar ar fhorbairtí COVID, ag iarraidh maolú a dhéanamh ar aon rioscaí gaolmhara a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar oibríochtaí gnó, foireann agus geallsealbhóirí QQI. I measc na mbeart a rinne QQI tá: -

- Údarás, bainistíocht agus foireann QQI a aistriú chuig timpeallacht chianda chun cinntí gnó a dhéanamh agus leanúint d'oibríochtaí gnó
- Dul i mbun Measúnuithe Sláinte Ceirde ar gach ball foirne atá ag obair go cianda lena chinntiú go bhfuil timpeallacht oibre oiriúnach.
- Na hoiriúnuithe riachtanacha agus na cleachtais oibre athraithe a chur i bhfeidhm chun an riachtanas freastal ar oifigí fisiciúla QQI a theorannú.
- Timpeallacht fhisiciúil na hoifige a athrú agus í a oiriúnú de réir an chleachtais is fearr.
- Measúnú leanúnach ar a dhéanamh rioscaí suntasacha a bhaineann le paindéim Covid-19 agus cumas QQI freagairt go héifeachtach.
- Cumas TFC agus prótacail slándála a mhéadú chun tacú le cianobair
- A chinntiú go bhfanann deighilt láidir dualgas agus go bhfuil clúdach leordhóthanach i bhfeidhm i gcás nach mbeadh údaráis cheadaithe shonracha ar fáil.
- A chinntiú go leanann na beartais agus na nósanna imeachta uile maidir le cosaint sonraí agus bainistíocht taifead i bhfeidhm mar is gnáth.
- Measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht do laigí i rialuithe inmheánacha ag éirí as COVID-19 agus bearta a dhéanamh nó próisis agus rialuithe inmheánacha a oiriúnú / nuashonrú nuair is gá.

Is é tuairim an Údaráis nár tháinig aon athrú ábhartha ar oibriú na timpeallachta rialaithe inmheánaigh in QQI mar thoradh ar Covid-19.

## MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur iúl do na daoine sin a bhfuil an fhreagracht orthu bearta

ceartaitheacha a dhéanamh agus do na bainisteoirí freisin ar shlí thráthúil. Deimhnímid go bhfuil na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus aon easnamh a aithnítear a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal a bhfuil an fhreagracht as bainistíocht airgeadais sannta dóibh, agus
- déanann na hardbhainisteoirí athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a nochtann feidhmiúlacht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.

## SOLÁTHAR

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú. Aibhsítear sa tábla thíos nithe maidir le rialuithe ar sholáthar.

## ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 Nollaig 2020

Deimhnímid gur sheol an Bord athbhreithniú ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaí maidir leis an mbliain airgeadais dar críoch an Dé Máirt Déardaoin 31 Nollaig 2020.

## ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTÚLACHT

D'athbhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an tÚdarás an Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánaigh le cinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Rinne cuideachta sheachtrach athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha in 2020 agus rinne an tÚdarás é a cheadú in 2021.

Tá dearbhú réasúnta faighte ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann go bhfuil éifeacht leis na córais rialaithe inmheánaigh a bunaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm i nDearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020.

### CEISTEANNA A BHAINEANN LE RIALÚ INMHEÁNACH
### NOCHTADH SONRAÍ MAIDIR LE CÁSANNA INAR SÁRAÍODH AN RIALÚ

| **Sonraí na sáruithe** | **Gníomhaíochtaí maolaithe** |
|---|---|
| Bhí trí chás caithimh ann nár chomhlíon na treoirlínte soláthair poiblí. Ba é an caitheamh:<br>• Dearadh - € 16,439<br>• Priontáil - € 24,180<br>• Dlíthiúil - €6,088 | D'iarr QQI cúnamh ón OGP leis an gconradh dearaidh. Tar éis plé fada le OGP, dheimhnigh OGP sa deireadh nach bhféadfaidís cúnamh a thabhairt. D'iarr QQI tairiscintí don chonradh dearaidh agus bronnadh an conradh dearaidh faoi dheireadh i mí na Samhna 2020.<br>Bronnadh an conradh priontála i mBealtaine 2020 ag úsáid chreat OGP.<br>Is beag a chaitheann QQI ar chostais dlí. D'ullmhaigh QQI tairiscint le haghaidh seirbhísí dlí a eiseofar nuair a dheimhníonn an OGP go bhfuil an creat nua i bhfeidhm. |

Sínithe thar ceann Údarás Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann:

**Ms. Joanne Harmon**
Cathaoirleach

Dáta 27 Mean Fómhair 2021

**An Dr. Padraig Walsh**
Príomhfheidhmeannach

Dáta 27 Mean Fómhair 2021

**DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN**

**RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COIMEÁDTA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN Déardaoin 31 Nollaig 2020**

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | **€** | **€** |
| Deontas | **2** | 4,609,516 | 4,516,000 |
| Ioncam ó tháillí | **3** | 5,293,674 | 5,644,120 |
| Ioncam ó Thionscadail AE | **4** | 33,853 | 1,059,478 |
| Ioncam eile | **5** | 25,407 | 33,245 |
| | | **9,962,450** | **11,252,843** |
| Glanchistiú iarchurtha Pinsean | **24(b)** | 1,403,000 | 1,934,000 |
| | | **11,365,450** | **13,186,843** |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Costais foirne | **6** | 7,320,821 | 6,969,886 |
| Costais chóiríochta | **9** | 688,506 | 703,702 |
| Costais comhaltaí | **7** | 1,587 | 26,755 |
| Seirbhísí Corparáideacha | **10** | 419,019 | 329,979 |
| Qualifax | **11** | 10,102 | 22,249 |
| Táillí agus costais painéil | **12** | 289,103 | 426,794 |
| Caiteachas ar Thionscadal EQAVET | **4(a)** | - | 489,360 |
| Costais an Riaracháin Lárnaigh | **13** | 327,610 | 688,514 |
| Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | **14** | 2,112,109 | 2,016,357 |
| Dímheas | **15** | 216,713 | 259,147 |
| | | **11,385,570** | **11,932,743** |
| **(EASNAMH)/BARRACHAS DON BHLIAIN** | | **(20,120)** | **1,254,100** |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | **19** | 140,116 | 413,729 |
| Iarmhéid a iompraíodh isteach ar 1 Eanáir | | **2,522,996** | **855,167** |
| **Iarmhéid a tugadh ar aghaidh ar 31 Nollaig** | | **2,642,992** | **2,522,996** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 26. Baineann gach ioncam agus caiteachas sa bhliain le gníomhaíochtaí leantacha.

**Ms. Joanne Harmon**
Cathaoirleach

Dáta 27 Mean Fómhair 2021

**An Dr. Padraig Walsh**
Príomhfheidhmeannach

Dáta 27 Mean Fómhair 2021

**DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN**

**RÁITEAS AR AN IONCAM CUIMSITHEACH**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN Déardaoin 31 Nollaig 2020**

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **(EASNAMH) / BARRACHAS DON TRÉIMHSE** | | **(20,120)** | **1,254,100** |
| Caillteanais (gnóthachana) / ó thaithí ar an scéim pinsin | **24(f)** | 98,000 | 966,000 |
| Athruithe ar thoimhdí is bonn le luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | | (2,911,000) | (3,994,000) |
| Aistriú seirbhíse ó fhostóir eile earnála poiblí | **24(g)** | - | - |
| (Caillteanais) achtúireacha ar dhliteanais pinsin | | **(2,813,000)** | **(3,028,000)** |
| Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin | **24(e)** | 2,813,000 | 3,028,000 |
| Ioncam iomlán cuimsitheach don bhliain | | **(20,120)** | **1,254,100** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 26.

**Ms. Joanne Harmon**
Cathaoirleach

Dáta 27 Mean Fómhair 2021

**An Dr. Padraig Walsh**
Príomhfheidhmeannach

Dáta 27 Mean Fómhair 2021

**DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN**

**RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS**
**AR AN Déardaoin 31 Nollaig 2020.**

| | Nóta | Amhail ar 31 Nollaig 2020 € | Amhail ar 31 Nollaig 2019 € |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | |
| Réadmhaoin, Innealra agus Trealamh | **16** | 400,983 | 541,099 |
| **SÓCMHANNÍ REATHA** | | | |
| Infhláltais | **17** | 1,797,683 | 2,182,668 |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid | | 1,805,009 | 1,181,132 |
| | | **3,602,692** | **3,363,800** |
| **CREIDIUNAITHE (MÉIDEANNA A DHLÍFEAR LAISTIGH DE BHLIAIN)** | | | |
| Nithe Iníoctha | **18** | (959,700) | (840,804) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | 2,642,992 | 2,522,996 |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS ROIMH PHINSIN** | | 3,043,975 | 3,064,095 |
| Cistiú iarchurtha Pinsin | **24(d)** | 53,349,000 | 49,133,000 |
| Dliteanais Pinsin | **24(e)** | (53,349,000) | (49,133,000) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | **3,043,975** | **3,064,095** |
| **ARNA N-IONADÚ AG:** | | | |
| Cuntas Caipitil | **19** | 400,983 | 541,099 |
| Cúlchiste Ioncaim Forchoimeádta | | 2,642,992 | 2,522,996 |
| | | **3,043,975** | **3,064,095** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 26.

**Ms. Joanne Harmon**
Cathaoirleach

Dáta 27 Mean Fómhair 2021

**An Dr. Padraig Walsh**
Príomhfheidhmeannach

Dáta 27 Mean Fómhair 2021

**DEARBHÚ CÁILÍOCHTAÍ**
**AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN**

**RÁITEAS AR NA SREAFAÍ AIRGID**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN Déardaoin 31 Nollaig 2020**

| | Nóta | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| **Glansreabhadh airgid isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh) / Barrachas don bhliain | | (20,120) | 1,254,100 |
| Dímheas | **15** | 216,713 | 259,147 |
| Lagú sócmhainní reatha | | - | 197,673 |
| Laghdú / (Méadú) ar nithe infhaighte | **17** | 384,985 | (965,478) |
| Méadú / (Laghdú) ar nithe iníoctha | **18** | 118,896 | (741,366) |
| (Laghdú) ar sholáthar | | - | (160,000) |
| **<u>RÁITEAS AR NA SREAFAÍ AIRGID</u>** | | | |
| Glan-insreabhadh/(as-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 700,474 | (155,924) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíocht lenar ceannaíodh sócmhainní seasta | | (76,597) | (43,091) |
| **Méadú / (Laghdú) ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | | 623,877 | (199,015) |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | | 1,181,132 | **1,380,147** |
| Méadú / (Laghdú) ar airgead agus ar choibhéisí airgid | | 623,877 | (199,015) |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | | **1,805,009** | **1,181,132** |

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos an bonn cuntasaíochta agus beartais shuntasacha cuntasaíochta a ghlac an QQI. Cuireadh iad uile i bhfeidhm go comhsheasmhach ó cheann ceann na bliana agus sa bhliain roimhe.

### a) GINEARÁLTA.

Bhunaigh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann an 6 Samhain 2012 faoi Alt 7 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012.

Seo a leanas cuspóirí an QQI:

- Cáilíocht sholáthraithe breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna agus a gcuid seirbhís taighde agus seirbhísí gaolmhara a dhearbhú.
- An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a chur ar aghaidh, a fhorbairt agus a chothabháil.
- Cláir a bhailíochtú agus dámhachtainí a dhéanamh.
- An pobal a chur ar an eolas maidir le cáilíocht na gclár agus na gcáilíochtaí oideachais agus oiliúna.
- Comhairle a thabhairt don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta faoi bheartas náisiúnta maidir le dearbhú cáilíochta agus feabhsú i gcúrsaí oideachais agus oiliúna.

Déanann an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú) 2019 Acht 2012 a leasú agus a leathnú. Go háirithe déantar foráil úr in Acht 2019

- maidir leis an tslí ar féidir stádas dámhachtaine a bhunú, le tagairt don Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.
- déantar foráil maidir le catagóir na bhforas cáiliúcháin ar a dtugtar "forais cháiliúcháin liostaithe" a bhunú;
- chun foráil a dhéanamh maidir le ceanglas go gcaithfear critéir a shonraítear i rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear critéir chun dearbhú réasúnach a thabhairt don QQI go bhfuil an cumas agus an inniúlacht ag soláthraí cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar atá i gcomhréir le ceanglais an Achta sin;
- déantar foráil maidir le "Ciste um Chosaint d'Fhoghlaimeoirí Cláraithe", nach mór muirear bliantúil ó sholáthraithe áirithe a íoc ina leith agus óna bhféadfar airgead a íoc as, i gcásanna mainneachtana i seachadadh clár áirithe, ionas go bhféadfaidh foghlaimeoirí cláraithe an clár lena mbaineann a chríochnú nó ionas go n-úsáidfear é chun críocha áirithe eile;
- déanann sé foráil bhreise maidir le húdarú chun an Marc Idirnáisiúnta Oideachais (IEM) a úsáid;
- cuireann sé leis na cásanna ina bhféadtar soláthraí a údarú chun é féin a thuairisciú mar "ollscoil" agus, chun na críche sin, Acht na nOllscoileanna 1997 a leasú; agus foráil a dhéanamh maidir le hábhair ghaolmhara

Maidir le heagraíochtaí múinte an Bhéarla (ELTOnna), déanann an QQI Comhordú Seirbhísí Béarla (ACELS) a chreidiúnú. Is scéim dheonach náisiúnta é seo d'eagraíochtaí mhúineadh an Bhéarla agus is seirbhís neamhreachtúil den QQI é, a ngabhfaidh an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a háit ar ball. Foráiltear le haghaidh bhunú agus cur chun feidhme an Mhairc Idirnáisiúnta Oideachais (IEM) faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

Bhí tionchar ag cás Ard-Chúirte i Nollaig 2014 maidir le réimse beartais gaolmhar na rialachán idirnáisiúnta maidir le hinimirce mac léinn ar an sceideal a bhí ceaptha leis an IEM a chur i ngníomh. B'éigean scrúdú breise a dhéanamh ar Acht 2012, dá bharr, le cinntiú go bhfuil na boinn ar a dtabharfar an IEM isteach daingean a ndóthain. Mhol an tArd-Aighne i 2015 gur ghá an reachtaíocht a leasú chun éifeacht iomlán a thabhairt do thabhairt isteach slán an Mhairc Idirnáisiúnta Oideachais.

### b) RÁITEAS AR CHOMHLÍONADH

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an QQI don bhliain dar críoch Déardaoin 31 Nollaig 2020 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn, arna n-eisiúint ag an Financial Reporting Council (FRC), mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

**c) AN BONN ULLMHÚCHÁIN**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas airithe a thomhaistear mar luacha cóir, mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais in Euro, arb é sin airgeadra feidhmiúil an QQI. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach sa déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an QQI.

**d) IONCAM**

Is gnách ioncam a aithint ar bhonn fabhruithe.  Eisceacht amháin air seo is ea cás an ioncam ón VÓTA bliantúil, a aithnítear ar bhonn fáltais airgid. Aithnítear deontais ioncaim eile an Rialtais mar ioncam agus cuirtear siar iad thar na tréimhsí is gá chun iad a mheaitseáil leis na costais bhainteacha a bhfuil sé beartaithe iad a chúiteamh.

**e) IONCAM Ó THÁILLÍ**

Is ionann ioncam a thaispeántar sna ráitis airgeadais faoi Ioncam ó Tháillí agus méideanna a sonrascaíodh do thríú páirtithe sa ghnáthchúrsa gnó.  Cuirtear ioncam siar nuair a dhéantar táille a chruinniú agus nuair nár cuireadh tús le soláthar na seirbhíse.

**f) FORBAIRT BOGEARRAÍ**

Caitear le costais forbartha bogearraí ar mhórchórais ar mhíreanna caipitil agus díscríobhtar iad thar thréimhse a saolré ionchais ó dháta a gcur chun feidhme.

**g) RÉADMHAOIN, INNEALRA AGUS TREALAMH**

Luaitear maoin, innealra agus trealamh ag costas lúide costas aon dímheasa carnaigh, coigeartaithe le haghaidh aon soláthar le haghaidh lagú. Déantar soláthar le haghaidh dímheas ar gach maoin, innealra agus trealamh ag rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bonn líne dírí thar a saolré ionchais eacnamaíoch, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh Léasa (Lána Denzille) | Thar théarma léasa 21 bliain |
| CBL caipitlithe ar an léas | Thar théarma léasa 21 bliain |
| Crua-earraí Ríomhaireachta | 33.33% |
| Bogearraí Ríomhaireachta | 12.5% |
| Trealamh Oifige | 20% |
| Troscán Oifige | 10% |
| Daingneáin, Feisteas & Teileafón | 10% |

Breithnítear gach bliain luach iarmharach agus saolré ionchais na sócmhainní seasta ar thóir táscairí a léireodh athrú orthu. I gcás ina mbíonn táscairí dá sórt ann, déanfar athbhreithniú ar an luach iarmharach, modh dímheasa agus saolré ionchais, agus leasófar iad más gá. Cuirtear athruithe ar rátaí dímheasa ag éirí as an athbhreithniú seo san áireamh go hionchasach thar saolré ionchais fanta na sócmhainní.

**h) DEONTAIS CHAIPITIL**

Aithnítear deontais chaipitil a fhaigheann an QQI mar dhliteanas agus scaoiltear isteach in ioncam iad thar shaolré ionchais na sócmhainní lena mbaineann.

**i) AIRGEAD AGUS CÓIBHÉISÍ AIRGID**

Is éard atá i gceist in airgead airgead ar láimh agus taiscí éilimh.

**j) AIRGEADRAÍ IASACHTA**

Déantar idirbhearta a éiríonn in airgeadraí coigríche a aistriú go dtí an euro de réir na rátaí

malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí coigríche a aistriú go dtí an Euro de réir rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe nó ar rátaí conarthaí réamhcheannacháin nuair is ann do chonarthaí den sórt sin.

**k) SOCHAIR D'FHOSTAITHE**

Sochair Ghearrthéarmacha
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear ar fhigiúr na Nithe Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais sochair a charntar ag deireadh bliana.

Sochair Scoir
Tá scéim pinsin sochair shainithe ranníocaíochtaí i bhfeidhm ag an QQI, a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó ranníocaíochta a asbhaintear ó thuarastail foirne. Anuas air sin, oibríonn an QQI Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe é, do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais pinsin na sochair pinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Aithnítear méid atá comhionann leis an muirear pinsin mar ioncam a mhéid atá sé in-aisghafa, agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus dliteanais ar dhliteanais scéim sa Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is in-aisghafa ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Léiríonn na ráitis airgid, ag luach cóir, sócmhainní agus dliteanas ag éirí as oibleagáidí pinsin an QQI agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear iontu an costas a ghabh le sochair pinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina ndearna fostaithe iad a thuilleamh. Tomhaistear dliteanais pinsin ar bhonn achtúirigh leis an modh aonaid réamh-mheasta.

### l) INFHÁLTAIS

Aithnítear infháltais ar luach cóir, lúide soláthar d'fhiachas amhrasta. Is soláthar ar leith é an soláthar d'fhiachas amhrasta, agus bunaítear é i gcás ina bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an QQI in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiachas amhrasta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Coimeádta Ioncaim.

### m) DLITEANAIS AIRGEADAIS EILE

Tomhaistear creidiúnaithe trádála ar luach an tsonraisc, ach amháin má chuirtear an íocaíocht ar aghaidh lastall de na gnáth-théarmaí gnó nó ina bhfuil sé á mhaoiniú ag ráta úis nach é an ráta margaidh é. Sa chás seo, is ionann agus socrú agus idirbheart airgeadais, agus tomhaistear an dliteanas airgeadais ag luach reatha na n-íocaíochtaí todhchaí lascainithe ag an ráta margaidh úis d'ionstraim fiachais den sórt céanna.

### n) LÉASAÍ

Aithnítear caiteachas ar chíos faoi léasaí oibriúcháin sa Ráiteas Caiteachais agus Ioncaim agus sna Cúlchistí Coimeádta Ioncaim thar shaol an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhírí thar thréimhse an leása, ach amháin i gcás méaduithe ar chíos atá nasctha leis an ráta ionchais boilscithe; sa chás sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa.

### o) BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHRITICIÚLA CUNTASAÍOCHTA

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, is gá don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéánamh a dhéanann difear do na méideanna a tuairiscíodh do shócmhainní agus do dhliteanais amhail ar dháta an chláir chomhardaithe agus na méideanna a tuairiscíodh d'fháltais agus do chostais i gcaitheamh na bliana. Ach ciallaíonn nádúr an mheastacháin gur féidir nach ionann na meastacháin sin agus na torthaí iarbhír. Seo a leanas na meastacháin is mó a raibh tionchar acu ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

I. <u>Saolréanna maidir le dímheas réadmhaoine, innealtra agus trealaimh a bhunú</u>
Cuid shuntasach de na sócmhainní iomlána is ea na sócmhainní fadsaoil, comhdhéanta de mhaoin, innealra agus trealamh. Braitheann an muirear bliantúil dímheasa go príomha ar shaolréanna measta gach cineál sócmhainne agus ar mheastacháin de na luachanna iarmharacha. Déanann an QQI athbhreithniú rialta ar shaolré na sócmhainní seo agus athraítear iad de réir mar is gá chun léiriú a thabhairt ar na tuairimí reatha ar an saolré atá fanta i bhfianaise an úsáid eacnamaíoch a mheastar a bhainfear astu agus staid fhisiciúil na sócmhainní i dtrácht. Is féidir go mbeidh tionchar suntasach ag athruithe ar shaolréanna sócmhainní ar mhuirir dímheasa sa tréimhse. Áirítear sonraí na saolréanna ionchais sna beartais chuntasaíochta.

II. <u>Soláthairtí</u>
Aithnítear soláthar nuair a bhíonn oibleagáid reatha dlíthiúíl nó cuiditheach ag an QQI de bharr imeachtaí san am atá caite; is dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus is féidir méid na hoibleagáide a mheas ar shlí iontaofa.

III. <u>Teagmhais</u>
Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha, ag éirí as imeachtaí san am atá caite, nuair (i) nach dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní nó gur féidir an méid a thomhas ar shlí iontaofa ag an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dheimhneofar cibé an bhfuil sé ann nó nach bhfuil le himeachtaí éiginnte todhchaí a tharlóidh nó nach dtarlóidh, imeachtaí nach bhfuil go hiomlán faoi smacht an QQI. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin más éadócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní.

Ní dhéantar soláthar le haghaidh sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go mbeidh insreabhadh sochar eacnamaíoch ann.

| **2. DEONTAS** | **2020 €** | **2019 €** |
|---|---|---|
| Deontas i leith Riarachán - An Roinn Oideachais agus Scileanna - Vóta 26: Fo-mhírcheann B.6 | | |
| - Pá | 1,979,000 | 1,979,000 |
| - Pinsin | 600,000 | 600,000 |
| - Neamhphá | 2,000,000 | 1,937,000 |
| | 4,579,000 | 4,516,000 |
| - Deontas i leith Covid agus costais ghaolmhara | 30,516 | - |
| Glanioncam Infhaighte | **4,609,516** | **4,516,000** |

| **3. IONCAM Ó THÁILLÍ** | **2020 €** | **2019 €** |
|---|---|---|
| Táillí dámhachtana | 3,783,026 | 3,990,630 |
| ACELS | 33,248 | 105,260 |
| Táillí Bailíochtaithe | 638,900 | 672,230 |
| Táillí Caidrimh | 838,500 | 876,000 |
| | **5,293,674** | **5,644,120** |

TÁILLÍ DÁMHACHTANA

Is é an QQI an comhlachta náisiúnta dámhachtana le haghaidh cúrsaí creidiúnaithe arna reáchtáil ag coláiste aitheanta breisoideachais agus ardoideachais. Tá sceideal táillí ceadaithe ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta agus bailíonn na coláistí cuí breisoideachais agus ardoideachais táillí ó iarrthóirí agus íoctar iad leis an QQI. Tá critéir áirithe ann faoina ndíolmhaítear íocaíochtaí de tháillí, lena n-áirítear do shealbhóirí cártaí leighis, mic léinn Youthreach nó VTOS agus iarrthóirí ar dhámhachtainí Leibhéil 1 go 3 den CNC.

CREIDIÚNÚ AGUS COMHORDÚ SEIRBHÍSÍ BÉARLA (ACELS)

Is cuideachta náisiúnta é ACELS, atá freagrach as scéim chigireachta/aitheantais d'eagraíochtaí mhúineadh an Bhéarla ar fud na tíre a fhorbairt agus a bhainistiú. Tá gach eagraíocht dá sórt liostaithe ar shuíomh gréasáin ACELS. Is gá do na heagraíochtaí sin táille bhliantúil um athnuachan aitheantais a íoc, a bhraitheann ar líon na n-ionad atá i bhfeidhm. Gearrtar táillí, leis, as cigireacht a dhéanamh ar ionaid nua agus as cigireachtaí tréimhsiúla a dhéanamh ar na hionaid atá anois ann.

TÁILLÍ BAILÍOCHTAITHE

Is é bailíochtú an próiseas um dhearbhú cáilíochtaí trína measann an QQI cláir féachaint an gcomhlíonann siad caighdeáin riachtanacha na ndámhachtana atá á tairiscint. Is féidir dearbhú a thabhairt d'fhoghlaimeoirí, ansin, go gcomhlíonann an clár a gcuid riachtanas. Íocann soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais táillí don tseirbhís seo. Cinntear an táille is infheidhme beag beann ar an leanann mórdhámhachtain nó miondámhachtain as an gclár nó ar luach creidiúna na ndámhachtana.

TÁILLÍ CAIDRIMH

Gearrtar táillí caidrimh ar ollscoileanna poiblí agus institiúidí teicneolaíochta as seirbhísí a chuireann an QQI ar fáil, ar nós seirbhísí um dhearbhú cáilíochta. Faoi Alt 80 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 is gá ceadú a fháil ón Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nualaíochta & Eolaíochta agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil chun táillí den sórt sin a ghearradh. Fuarthas ceadú i nDeireadh Fómhair 2013 agus cuireadh tús le táillí a bhailiú i 2014. Fuarthas ceadú an Aire i Lúnasa 2016 chun na táillí a ghearrtar a athchumrú.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **4.** | **IONCAM Ó THIONSCADAIL AE** | **€** | **€** |
| | QQI don Ionad Náisiúnta Europass. | - | 134,534 |
| | VISKA | 15,468 | - |
| | EQAVET | 18,385 | - |
| | EQAVET (Rúnaíocht) | - | 924,944 |
| | | **33,853** | **1,059,478** |

AN tIONAD NÁISIÚNTA EUROPASS
Is tionscnamh AE é an tIonad Náisiúnta Europass trína bhféachtar le cabhrú le daoine a gcuid scileanna agus cáilíochtaí a dhéanamh sothuigthe san Eoraip chun soghluaisteacht foghlaimeoirí agus oibrithe a éascú. Bunaíodh líonra d'Ionaid Náisiúnta Europass ar fud na hEorpa chun an tionscnamh seo a chomhordú.. Is é an QQI an tIonad Náisiúnta Europass ainmnithe in Éirinn. Ba é €130,464 an caiteachas a thabhaigh an QQI i dtaca le Europass (2019: €153,800).

EQF - NCP
Is é an QQI Pointe Náisiúnta Comhordaithe an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí (EQF) in Éirinn. I gceist anseo tá rannpháirtíocht i bhforbairt an EQF agus an bheartais ghaolmhar ar leibhéal Eorpach agus cur chun feidhme bheartas an EQF ar an leibhéal náisiúnta. Déanann an QQI iarratas bliantúil ar chúnamh airgeadais chun bearta aontaithe a chur chun feidhme mar EQF-NCP faoi Chlár Oideachais Erasmus+, Clár Oideachais an AE.

EQAVET
Bhronn an Coimisiún Eorpach an conradh do Rúnaíocht Dhearbhú Cáilíochta na hEorpa sa Bhreisoideachas agus Oiliúint (EQAVET) ar FETAC, tar éis comórtas tairiscintí, agus cuireadh tús leis an obair ar na treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta Eorpach a chur i ngníomh i 2010. Ghabh an QQI feidhmeanna FETAC air féin. Síníodh an conradh bunaidh go ceann tréimhse trí bliana agus athnuadh é go leanúnach go dtí deireadh 2015. Thosaigh an dara conradh ar an 1 Eanáir 2016 go ceann tréimhse dhá bhliain go dtí an 31 Nollaig 2017. Cuireadh síneadh dhá bhliain leis go dtí an 31 Nollaig 2019.

TIONSCADAL IQAVET
Is é IQAVET an líonra cleachtóirí Éireannach do dhearbhú cáilíochta sa ghairmoideachas agus oiliúint agus tá sé lonnaithe sa Phointe Náisiúnta Tagartha do EQAVET in QQI. Gné thábhachtach den tionscadal is ea prionsabail agus táscairí EQAVET a chur chun cinn agus leas a bhaint astu chun cur le cáilíocht sna Boird Oideachais agus Oiliúna agus i soláthar gairmoideachais agus oiliúna eile. Fuair an tionscadal cistiú Erasmus+ agus cuireadh tús leis an ngníomhaíocht in Aibreán 2016, arna éascú ag an QQI trí Fhóram um Dhearbhú Cáilíochta an ETBI agus an tSeirbhís Tacaíochta Breisoideachais

TIONSCADAL EQAREP
Ba é príomhchuspóir thionscadal Ardoideachais na hEorpa trí Thuairiscí Poiblí um Dhearbhú Cáilíochta treoirlínte a fhorbairt do thuairiscí seachtracha ar Dhearbhú Cáilíochta. Comhpháirtithe sa tionscadal seo ab ea an QQI agus rinne sé suirbhéanna agus anailís ar thuairiscí.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **4(a)** | **IONCAM Ó THIONSCADAIL EQAVET** | **€** | **€** |
| | An Coimisiún Eorpach | - | 924,944 |
| | | | |
| | **CAITEACHAS AR THIONSCADAL EQAVET** | | |
| | Tuarastail agus pá | - | 164,170 |
| | Cláir | - | 325,190 |
| | | **-** | **489,360** |

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **(b)** | **ACHOIMRE EQAVET** | **€** | **€** |
| | Admhálacha ón gCoimisiún AE agus ó bhallstáit rannpháirteacha | - | 924,944 |
| | Ioncam leithdháilte chun caiteachas a chlúdach | - | (489,360) |
| | Ranníocaíocht Aitheanta don QQI ag deireadh na tréimhse | - | 435,584 |

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **5.** | **IONCAM EILE** | **€** | **€** |
| | Ús faoin Acht um Íoc Pras Cuntas | 494 | 995 |
| | Táillí Seimineáir agus Comhdhála | 21,557 | 32,250 |
| | Ioncam eile | 3,356 | - |
| | | **25,407** | **33,245** |

| | | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| **6.** | **COSTAIS FOIRNE** | | **€** | **€** |
| | Tuarastail agus pá | | 4,550,060 | 3,960,245 |
| | Ranníocaíocht na bhFostóirí le Coimirce Sóisialach | | 426,966 | 377,143 |
| | Costais Forbartha Foirne | | 55,389 | 62,731 |
| | Taisteal agus Cothabháil Intíre | | 8,846 | 35,511 |
| | Taisteal agus Cothabháil Eachtrach | | 1,039 | 44,405 |
| | Costais sochair scoir | **24(c)** | 2,120,776 | 2,337,415 |
| | Iasacht | | 86,821 | 104,302 |
| | Sláinteachas agus Leas Foirne | | 12,116 | 7,762 |
| | Costais Earcaíochta | | 58,808 | 40,372 |
| | | | **7,320,821** | **6,969,886** |

Seach-chuireadh costais chomhlána tuarastail de €5,338,856 (2019: €4,910,828) le haisíocaíochtaí de €361,830 (2019: €413,440) i dtaca le comhaltaí d'fhoireann Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí a bhí ath-imlonnaithe trí shocruithe iasachtaithe chuig an gCumann Teicneolaíochta Ardoideachais, Bord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.

€210,915 (2019: €220,083) de thobhach pinsin ó thuarastail agus íocadh é leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcaitheamh na tréimhse. €29,120 (2019: €15,006) de ranníocaíochtaí pinsin maidir leis an Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí ó thuarastail agus íocadh é leis an Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa tréimhse.

Ceanglaítear ar QQI oibriú laistigh duasteorainn an Chreata Rialaithe Fostaíochta (ECF). Is é 84 Coibhéis Lánaimseartha uasteorainn ECF ceadaithe reatha QQI. Ba é 80 meánlíon na bhfostaithe i gcaitheamh na bliana. (2019: 81). Bhí 76 fostaí coibhéis lánaimseartha fostaithe ag an QQI ag deireadh 2020. (2019:76). Níor íocadh aon ragobair nó liúntas sa tréimhse. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta sa tréimhse.

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 sna bandaí seo a leanas:

| **Raon sochar iomlán na bhfostaithe** | **Líon na bhFostaithe** | |
|---|---|---|
| **Ó Go** | **2020** | **2019** |
| €60,000 - €69,999. | 7 | 4 |
| €70,000 - €79,999. | 1 | 3 |
| €80,000 - €89,999. | 4 | 4 |
| €90,000 - €99,999. | 2 | 2 |
| €100,000 - €109,999. | 14 | 13 |
| €110,000 - €119,999. | 1 | - |
| €120,000 - €129,999. | - | - |
| €130,000 - €139,999. | - | 1 |

Chun cuspóirí an nochta seo, áirítear tuarastal ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe. Níor íoc an QQI ragobair ná liúntas sa tréimhse.

**PRÍOMHBHAINISTEOIRÍ**

Is iad príomhbhainisteoirí an QQI comhaltaí an Bhoird, an Príomhfheidhmeannach agus comhaltaí na foirne bainistíochta feidhmiúcháin. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar d'fhostaithe príomhbhainisteoireachta.

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Príomhbhainisteoirí | 767,542 | 774,968 |

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **7.** | **COSTAIS CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS** | **€** | **€** |
| | Costais Oiliúna Chomhaltaí an Údaráis | - | - |
| | | - | - |
| | Comhaltaí an Údaráis – Taisteal agus Cothabháil | | |
| | Taisteal Intíre | 855 | 9,256 |
| | Taisteal Iasachta | 732 | 7,794 |
| | Cothabháíl /Béilí | - | 393 |
| | Cóiríocht | - | 6,198 |
| | | 1,587 | 23,641 |
| | Cruinnithe coiste, taisteal agus cothabháil | - | 3,114 |
| | | **1,587** | **26,755** |

Níor íocadh aon táillí le comhaltaí an Údaráis sa bhliain 1 Eanáir 2020 go 31 Nollaig 2020.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **8.** | **LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH** | **€** | **€** |
| | Buntuarastal sa tréimhse | | |
| | - An Dr. Padraig Walsh | 116,075 | 148,948 |
| | - Ms. Clíona Curley | 28,846 | **-** |
| | Costas iomlán phacáiste iomlán luacha saothair an Phríomhfheidhmeannaigh | **144,921** | **148,948** |

Tar éis éag a chonartha, chuaigh an Dr Pádraig Walsh ar scor ar an 30 Meán Fómhair 2020 óna phost mar Phríomhfheidhmeannach. Ceapadh Ms Cliona Curley in Príomhfheidhmeannach Eatramhach le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 202)

Bhí €78 de chostais deimhnithe ag an Dr Pádraig Walsh i dtaca le Taisteal & Cothabháil in 2020 (2019: €8,786). Ní raibh aon chostais deimhnithe ag Ms. Cliona Curley in 2020.

Níor íocadh aon phá a bhain le feidhmíocht leis an bPríomhfheidhmeannach sa tréimhse sin.

Ní ghabhann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar an dteidlíocht chaighdeánach i scéim aoisliúntais sochair shainithe eiseamláireacha na hearnála poiblí.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **9.** | **COSTAIS CHÓIRÍOCHTA** | **€** | **€** |
| | Cíos | | |
| | Lána Denzille | 367,500 | 367,500 |
| | Sráid an Mhóta Íocht | 81,613 | 85,069 |
| | Sráid an Mhóta Íocht. (Ceadúnas) | 100,460 | 102,123 |
| | | 549,573 | 554,692 |
| | Muirir Sheirbhíse ar áitreabh léasaithe | 28,821 | 22,607 |
| | Slándáil | 9,378 | 3,770 |
| | Árachas | 22,888 | 25,925 |
| | Solas agus teas | 25,105 | 27,531 |
| | Glanadh | 17,017 | 43,856 |
| | Rátaí | 1,397 | 5,268 |
| | Deisiúcháin agus Cothabháil | 34,327 | 20,053 |
| | | 688,506 | **703,702** |

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **10.** | **SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA** | **€** | **€** |
| | Próiseail Párolla agus Tacaíochtaí Cuntasaíochta | 27,533 | 15,228 |
| | Táillí Achtúireacha | 2,723 | 2,460 |
| | Táillí Iniúchóireachta | 21,000 | 24,000 |
| | Táillí Iniúchta Inmheánaigh | 40,087 | 26,205 |
| | Costais Dlí | 25,080 | 17,009 |
| | Táillí Gairmiúla | | |
| | - Ginearálta | 19,378 | 32,134 |
| | - Plean teicneolaíochta faisnéise | - | 59,462 |
| | - Tacaíocht don Chlár Náisiúnta Teagmhála le Mic Léinn | 60,000 | 54,536 |
| | - Samhail Maoinithe | 9,840 | 19,680 |
| | - Athbhreithniú ar Dhámhachtainí Leibhéil 1-4 | 62,848 | - |
| | - Athbhreithniú ar Dhámhachtainí Leibhéil 6 | 25,925 | - |
| | - Mionathruithe ar TLA ag eascairt as COVID | 26,625 | - |
| | - Athbhreithniú ENQA Review | - | 34,259 |
| | - Athbhreithniú ar éifeachtacht an Bhoird | 2,595 | - |
| | Cur chun cinn agus Feasacht Bhranda | 3,949 | 7,556 |
| | Caidreamh Poiblí | 38,621 | 1,125 |
| | Fógraíocht | 43,116 | 27,359 |
| | Teangacha agus Aistriúchán | - | 519 |
| | Sláinte agus Sábháilteacht | 9,698 | 8,447 |
| | | **419,018** | **329,979** |

**11. QUALIFAX**

Soláthraíonn Qualifax faisnéis chuimsitheach ar bhreisoideachas agus ardoideachas mar aon le faisnéis is gá chun roghanna eolacha a dhéanamh faoi chúrsaí oideachais, oiliúna agus gairme.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **12.** | **TÁILLÍ PAINÉIL AGUS COSTAIS TAISTIL** | **€** | **€** |
| | Oiliúint an Phainéil | 4,578 | |
| | Seirbhísí Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí | 263,443 | 375,658 |
| | Tionscadail Taighde | 20,625 | 16,100 |
| | Páir | 457 | 35,036 |
| | | **289,103** | **426,794** |

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **13.** | **COSTAIS AN RIARACHÁIN LÁRNAIGH** | **€** | **€** |
| | Teileafón – Líne Thalún | 4,886 | 5,375 |
| | Teileafón – Fóin phóca | 29,420 | 36,639 |
| | Postas agus Cúiréir | 25,243 | 34,193 |
| | Páipéarachas agus Stóras | 15,924 | 26,778 |
| | Seimineáir agus Comhdhálacha | 15,037 | 6,676 |
| | Leabharlann agus Tréimhseacháin | 2,117 | 4,703 |
| | Síntiúis | 56,027 | 33,657 |
| | Foilseacháin | 64,591 | 126,749 |
| | Ceaintín | 6,484 | 13,120 |
| | Costais Cruinnithe agus Imeachtaí | 45,525 | 112,414 |
| | Léas/Fruiliú Trealamh Oifige | 881 | 886 |
| | Gnáthchostais Oifige | 16,337 | 13,713 |
| | Muirir Bhainc | 2,698 | 2,829 |
| | Fótachóipeáil | 5,514 | 9,607 |
| | Urraíochtaí agus Bronntanais | 15,002 | 3,500 |
| | Tacaíochtaí Acmhainní Daonna | 20,892 | 57,800 |
| | Táillí EQARF | 1,032 | 2,202 |
| | Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | - | 197,673 |
| | | **327,610** | **688,514** |

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **14.** | **TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE** | **€** | **€** |
| | Cothabháil agus Tacaíocht do Bhogearraí IT | 153,610 | 215,798 |
| | Caiteachas ar Bhogearraí IT/Ceadúnú (Faoi €1,000) | 123,718 | 22,348 |
| | Seirbhísí Gréasáin Tf* | 1,674 | 3,844 |
| | Comhláithreacha/Óstáil IT* | 71,620 | 211,783 |
| | Soláthairtí Crua-earraí Ríomhaireachta IT (Faoi €1,000) | 10,457 | 17,107 |
| | Conraitheoirí Soláthar Bogearraí* | 559,556 | 428,283 |
| | Seirbhísí Bainistithe | 1,191,474 | 1,095,054 |
| | Iniúchadh Slándála TF | | 22,140 |
| | | **2,112,109** | **2,016,357** |

*Tugann an QQI teacht ar a chóras QBS do bhreis is 700 sealbhóir cuntais soláthraí a mbíonn caidreamh acu leis i dtaca le haighneachtaí le haghaidh seirbhísí dámhachtainí agus deimhnithe, trína bhfaightear teacht ar fhaisnéis chothrom le dáta agus trína gcuirtear ceisteanna isteach trí chóras Bainistíocht an Chaidrimh le Custaiméirí (CRM).

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **15.** | **DÍMHEAS** | **€** | **€** |
| | Díimheas Trealamh Oifige | 10,605 | 5,725 |
| | Dímheas Crua-earraí TF | 48,879 | 24,345 |
| | Dímheas Daingneáin agus Feisteas Oifige | 32,453 | 27,838 |
| | Dímheas Léasachta Foirgnimh | 2,267 | 26,250 |
| | Dímheas Bogearraí TF | 12,535 | 65,240 |
| | Dímheas Costais Feistithe | 109,974 | 109,749 |
| | | **216,713** | **259,147** |

## 16. SÓCMHAINNÍ SEASTA

| | Léasacht Costais | Feistiú Réad mhaoine | Oifige Troscán | Oifige Trealamh | TF Crua-earrai | TF Bogearraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | | | |
| Ar 1ú Eanáir 2020 | 2,487,710 | 1,097,927 | 636,811 | 194,108 | 283,832 | 4,268,318 | 8,968,706 |
| Breiseanna | - | - | - | - | 76,597 | - | 76,597 |
| Diúscairtí | - | - | (12,720) | (51,341) | - | - | (64,061) |
| Ar 31ú Nollaig 2020 | 2,487,710 | 1,097,927 | 624,091 | 142,767 | 360,429 | 4,268,318 | 8,981,242 |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Ar 1ú Eanáir 2020 | 2,485,443 | 768,394 | 504,128 | 180,047 | 248,475 | 4,241,120 | 8,427,607 |
| Muirear don bhliain | 2,267 | 109,974 | 32,453 | 10,605 | 48,879 | 12,535 | 216,713 |
| Diúscairtí | - | - | (12,720) | (51,341) | - | - | (64,061) |
| Ar 31ú Nollaig 2020 | 2,487,710 | 878,369 | 523,861 | 139,311 | 297,354 | 4,253,655 | 8,580,259 |
| **Glanluach na Leabhar** | | | | | | | |
| Ar 31ú Nollaig 2020 | **-** | **219,559** | **100,230** | **3,456** | **63,075** | **14,663** | **400,983** |
| Ar 31ú Nollaig 2019 | **2,267** | **329,533** | **132,683** | **14,061** | **35,357** | **27,198** | **541,099** |

| **17.** | **INFHÁLTAIS** | **Amhail ar 31 Nollaig 2020** | **Amhail ar 31 Nollaig 2019** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| | Féichiúnaithe | 1,129,589 | 1,133,290 |
| | Soláthar d'fhiachas amhrasach | (24,057) | (34,988) |
| | | **1,105,532** | **1,098,302** |
| | Réamhíocaíochtaí | 295,167 | 326,507 |
| | Ioncam fabhraithe | 380,310 | 316,330 |
| | Féichiúnaithe eile | 16,674 | 66,675 |
| | Infháltais Deontais AE | - | 374,854 |
| | | **1,797,683** | **2,182,668** |

Is ionann nach mór luachanna córa na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochtaí agus a suimeanna glanluacha. Beidh gach creidiúnaí dlite laistigh de bhliain. Taispeántar féichiúnaithe glan ar laghdú maidir le fiachas amhrasta.

| **18.** | **MÉIDEANNA A DHLÍFEAR LAISTIGH DE BHLIAIN** | **Amhail ar 31 Nollaig 2020** | **Amhail ar 31 Nollaig 2019** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| | Creidiúnaithe | 62,059 | 296,170 |
| | Fabhruithe | 385,866 | 393,739 |
| | ÍMAT/ÁSPC | 144,985 | 133,515 |
| | Cáin Shiarchoinneála Seirbhísí Gairmiúla | 3,444 | 17,380 |
| | Ioncam Iarchurtha | 363,346 | - |
| | | **959,700** | **840,804** |

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir théarmaí na reachtaíochta lena mbaineann. Fabhraíonn ús ar íocaíocht dhéanach. Ní raibh aon ús dlite ag dáta dheireadh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí bunúsacha. Is méideanna neamhurraithe, saor ar ús agus iníoctha ar éileamh iad méideanna eile atá san áireamh laistigh de chreidiúnaithe ach bhfuil nach clúdaithe i nochtuithe sain-nóta.

San áireamh in ioncam iarchurtha de €363,346 tá €309,484 a fuarthas ó DFHERIS ach nár caitheadh ag deireadh na bliana chun tacú le freagra QQI's COVID. Cuimsíonn sé freisin € 24,362 maidir le táillí ACELS agus € 29,500 maidir le táillí bailíochtaithe a ardaíodh roimh ré i gcás nach raibh tús curtha leis an obair go fóill.

| **19. CUNTAS CAIPITIL** | **Amhail ar 31 Nollaig 2020** | **Amhail ar 31 Nollaig 2019** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid ag tús na tréimhse | 541,099 | 954,828 |
| Deontas lenar ceannaíodh sócmhainní seasta | 76,597 | 43,091 |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | (216,713) | (259,147) |
| An méid a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní seasta | - | (197,673) |
| | (216,713) | (456,820) |
| Scaoilte go dtí an cuntas ioncaim agus caiteachais | 140,116 | 413,729 |
| | 400,983 | 541,099 |

De réir an bheartais chuntasaíochta, aithnítear deontais rialtais bunaithe ar an tsamhail fabhruithe. Aithnítear na deontais seo, chun maoin, innealra agus trealamh a cheannach, thar shaolré ionchais na sócmhainní Ní bhíonn aon choinníoll nó teagmhas neamhchomhlíonta ag gabháil leis na deontais seo.

## 20. LÉASAÍ

Lána Denzille

Tá gealltanais ag an Údarás atá iníoctha suas go dtí an bhliain 2023 i dtaca le léas 21 bhliain le haghaidh cóiríocht oifige ag 26-27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2. Déantar athbhreithniú cíosa gach 6 bliana agus is é €367,500 sa bhliain an cíos reatha. (2019: €367,500) sa bhliain.

Sráid an Mhóta Íocht

Ó bunaíodh an QQI i Samhain 2012, bhí an bunurlár de Shráid an Mhóta ar cíos aige ó Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann (IUQB) agus ba thionóntaí iad an Bord Cáilíochta de Chumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA).

An 5 Feabhra 2016, baineadh an IUQB go deonach de Chlár na gCuideachtaí agus sa tréimhse díreach roimhe sin, bhí comhráite ann idir an QQI agus an IUA agus leis an bpríomhthiarna talún d'fhonn an léas a aistriú chuig an QQI. Shínigh an QQI agus an IUA doiciméid dlí sannta i 2015. Is é €81,612 an cíos bliantúil reatha. (2019: €81,612).

Tá ceadúnas ag an QQI an tUrlár Uachtarach de 9-11 Sráid an Mhóta Iochtarach a úsáid. €100,460 an táille reatha ceadúnais (2019: €102,123).

Ar 31 Nollaig 2020 bhí na híos-íocaíochtaí léasa todhchaí seo ag an QQI faoi léasaí oibriúcháin neamh-inchealaithe i gcás gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain | 549,573 |
| Iníoctha idir dhá bhliain agus cúig bliana | 1,008,109 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | - |
| | 1,557,682 |

## 21. CEANGALTAIS CHAIPITIL

Ní raibh aon cheangaltas caipitil ag 31 Nollaig 2020.

## 22. CÁIN CHORPARÁIDE

Ní dhlítear cáin chorparáide ar an QQI.

## 23. NOCHTUITHE PÁIRTÍ GAOLMHARA

Ghlac an QQI nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le leasa a nochtfadh comhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbheart ann maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh leas tairbheach ag comhalta ar bith.

Is iad an Príomhfheidhmeannach agus comhaltaí an Bhoird príomhbhainisteoirí an QQI. Ní fhaigheann comhaltaí an Údaráis táille as a gcuid seirbhíse. B'ionann agus €767,542 an cúiteamh iomlán a íocadh leis na príomhbhainisteoirí, agus luach saothair iomlán an PF san áireamh (2019: €774,968).

## 24. COSTAIS PINSIN

### a. SCÉIM PINSIN SOCHAIR SHAINITHE

Oibríonn an QQI scéim sochair shainithe neamh-mhaoinithe. Oibríonn an QQI Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe é, do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013.de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Foráiltear sa scéim le haghaidh pinsin agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheán-luach saothair inphinsin ó thús deireadh na gairme agus do phinsin do chéilí agus do leanaí. Is é 66 an íos-aois pinsin (ag méadú ar aon dul le hathruithe ar aois phinsin an Stáit). Áirítear air áis luathscoir le laghdú achtúirigh ó aois 55. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc ar aon dul le hinnéacs praghais an tomhaltóra.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtuithe ar luacháil iomlán achtúirigh a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun dliteanais na scéime ag 31 Nollaig 2020 a mheas. Is iad na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais na scéime a ríomh:

| | 2020<br>% | 2019<br>% |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 1.00% | 1.35% |
| Toimhdí maidir le méadú ar thuarastal | 2.85% | 2.95% |
| Toimhdí maidir le méadú ar phinsin | 2.35% | 2.45% |
| Boilsciú praghais | 1.35% | 1.45% |

**b. GLANCHISTIÚ IARCHURTHA SA BHLIAIN LE HAGHAIDH PINSEAN**

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Cistiú inghnóthaithe i dtaca le costais pinsin na bliana reatha | 2,414,000 | 2,626,000 |
| Deontas stáit a úsáideadh chun pinsinéirí a íoc | (1,011,000) | (692,000) |
| | 1,403,000 | 1,934,000 |

**c. ANAILÍS AR CHOSTAIS IOMLÁNA PINSIN A GEARRADH AR CHAITEACHAS**

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Costas reatha seirbhíse | 1,746,000 | 1,688,000 |
| Ús ar dhliteanais na Scéime Pinsin | 668,000 | 938,000 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntas fostaithe a coinníodh | (293,224) | (288,585) |
| | 2,120,776 | 2,337,415 |

**d. SÓCMHAINN IARCHURTHA MAOINITHE DO PHINSIN**

Aithníonn an QQI méideanna atá le híoc ag an Stát maidir le dliteanas iarchurtha neamhmhaoinithe i gcás pinsean ar bhonn roinnt imeachtaí san am atá caite. Áirítear ar na himeachtaí sin tacú reachtúil don scéim aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear próiseas na meastachán bliantúil. Bíodh is nach bhfuil aon chomhaontiú foirmiúil ann agus mar sin níl aon ráthaíocht ann maidir leis na méideanna áirithe seo leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, níl aon fhianaise ag an QQI nach leanfaidh an beartas maoinithe seo den mhéid seo a chlúdach go leanúnach, ar aon dul leis an gcleachtas reatha.

Ba é €53,349,000 an tsócmhainn iarchurtha pinsin amhail ag 31 Nollaig 2020 (2019. €49,133,000).

**e. GLUAISEACHT I NGLANDLITEANAS PINSIN SA TRÉIMHSE AIRGEADAIS**

| | Amhail ar 31 Noll 2020 € | Amhail ar 31 Noll 2019 € |
|---|---|---|
| Glandliteanas pinsin ag 1 Eanáir | 49,133,000 | 44,171,000 |
| Costas reatha seirbhíse | 1,746,000 | 1,688,000 |
| Costais úis | 668,000 | 938,000 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (1,011,000) | (692,000) |
| Glandliteanas pinsin ag 31 Eanáir | 50,536,000 | 46,105,000 |
| Aistriú seirbhíse ó fhostóir eile earnála poiblí | - | - |
| Caillteanas / (gnóthachan) achtúirigh | 2,813,000 | 3,028,000 |
| | 2,813,000 | 3,028,000 |
| Glandliteanas pinsin ag 31 Eanáir | 53,349,000 | 49,133,000 |

**f. STAIR NA NGNÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS Ó THAITHÍ**

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Oibleagáidí sochair shainithe | 53,349,000 | 49,133,000 |
| Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar<br>Méid (€)<br>Céatadán luach reatha dhliteanais na scéime | <br>(98,000)<br>(0.2%) | <br>(966,000)<br>(2.00%) |

**g. AISTRIÚ SEIRBHÍSE Ó FHOSTÓIR EILE EARNÁLA POIBLÍ**
Ní dhearnadh aon aistriú ó scéimeanna eile seirbhíse poiblí in 2020.

**25. COVID**
Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar thionchar COVID ar a chlár comhardaithe. Roimh COVID, bhí roinnt ball foirne ag an Údarás cheana féin a bhí ag obair go cianda. D'aistrigh an tÚdarás a bhonneagar TFC go dtí an néal freisin. Mar sin bhí sé i riocht maith freagra pras a thabhairt ar thionchar COVID agus an tionchar is lú ar sheirbhísí agus / nó ar phróisis ghnó a fhulaingt.

Rinne an tÚdarás measúnú ar luachanna iompair na sócmhainní agus na ndliteanas ar an gclár comhardaithe an 31 Nollaig 2020. Tá an tÚdarás sásta nach bhfuil luach sócmhainní seasta, féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí nó iarmhéideanna airgid lagaithe ag COVID. Ar an gcaoi chéanna, níor tháinig aon dliteanais nó teagmhais bhreise as COVID.

Rinne an tÚdarás measúnú ar a ioncam agus ar a sreafaí airgid don 12 mhí atá le teacht agus tá sé sásta go bhfuil sé fós ina ghnóthas leantach.

Leanfaidh an tÚdarás de mheasúnú a dhéanamh ar thionchair na rioscaí atá ag teacht chun cinn maidir lena oibríochtaí le linn 2021, lena n-áirítear aon chostais nó laguithe a d’fhéadfadh a bheith riachtanach a léiriú i Ráitis Airgeadais 2021.

**26. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS**
Cheadaigh Údarás Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann na ráitis airgeadais ag a chruinniú den 23 Aibreán 2021.